Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13896/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0223(COD)**

**TRANS 673**
**CLIMA 373**
**ECOFIN 1090**
**AVIATION 282**
**MAR 212**
**ENV 875**
**ENER 494**
**CODEC 1473**
**IND 347**
**COMPET 818**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12495/21 + REV1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 559 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn/Díospóireacht bheartais |

*Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht go mbeadh tuarascáil ar dhul chun cinn agus díospóireacht bheartais ann maidir leis an togra thuas in oirchill Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 9 Nollaig 2021. D'fhonn na hairí a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus chun plé ar na chéad chéimeanna eile a stiúradh, tá tuarascáil ar dhul chun cinn (Iarscríbhinn I) agus ceisteanna le haghaidh na díospóireachta beartais ullmhaithe ag an Uachtaránacht (Iarscríbhinn II).*

*Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thabhairt dá n-aire. Iarrtar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a leagtar amach in Iarscríbhinn II.*

## I. RÉAMHRÁ

Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla (AFIR) faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 14 Iúil 2021 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'[1] arb é is aidhm dó beartais aeráide, fuinnimh, talamhúsáide, iompair agus chánachais AE a dhéanamh oiriúnach chun sprioc AE maidir le laghdú glan intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, i gcomparáid le 1990, faoi 2030.

Is é an cuspóir atá leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' na spriocanna a comhaontaíodh sa Dlí Aeráide Eorpach[2] a bhaint amach ionas go ndéanfar an geilleagar agus an tsochaí a athrú ó bhonn ar mhaithe le todhchaí níos cothroime, níos glaise agus níos rathúla a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí astaíochtaí a laghdú sna deich mbliana atá amach romhainn má tá an Eoraip le bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050 agus má tá an Comhaontú Glas don Eoraip le fíorú.

D'fhonn an sprioc a bhaint amach maidir le AE a chur ar chonair na haeráidneodrachta faoi 2050, theastódh laghdú tuairim is 90 % ar astaíochtaí san iompar. Bheadh ról ríthábhachtach ag an togra thuas sa chlaochlú sin, ós rud é gurb é an príomhchuspóir atá leis tacú le himscaradh bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe a bhfuil rochtain phoiblí air le haghaidh breoslaí ionadúla in earnáil an iompair de bhóthar, san earnáil eitlíochta agus san earnáil aerbheirthe.

Trí chuspóir atá leis an togra seo:

(i) a áirithiú go mbeidh gréasán leordhóthanach bonneagair ann chun feithiclí bóthair nó soithí a bhfuil breoslaí ionadúla acu a (ath)luchtú nó a (ath)bhreoslú;

(ii) roghanna malartacha a chur ar fáil ar úsáid inneall ar bord (faoi thiomáint breoslaí iontaise) le haghaidh soithí atá i mbeart nó aerárthaí atá ina stad, agus

(iii) idir-inoibritheacht iomlán agus soláimhsitheacht an bhonneagair a áirithiú.

---

[1] Is éard atá sa phacáiste dhá thogra dhéag ón gCoimisiún i réimse an fhuinnimh, an chomhshaoil, an chánachais, na trádála agus an iompair; táthar ag súil le tograí breise i réimse an bheartais fuinnimh idir seo agus deireadh na bliana. Le beartais iompair a bhaineann trí cinn de na tograí reachtacha: an togra thuas, ReFuel Aviation agus FuelEU Maritime.

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

Tá idirnaisc idir an togra thuas agus tograí eile sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’. Go háirithe, tá an togra seo idirnasctha go mór leis an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO^2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna agus leis an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO^2$ i dtaca le feithiclí tromshaothair, atá beartaithe do 2022. Beidh tionchar ag luas imscartha na gcomhthiomsuithe (ath)luchtaithe agus na stáisiún (ath)bhreoslaithe agus lena n-idir-inoibritheacht agus a soláimhsitheacht ar ghlacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle. San am céanna, tá naisc idir AFIR agus FuelEU maritime, ach tá sé ábhartha freisin maidir le laghdú astaíochtaí san eitlíocht. Thairis sin, sa togra, sainítear breoslaí ionadúla i gcomhréir le forálacha an togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite.

## II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Ismail Ertug (DE, S&D) mar rapóirtéir.

Níl a dtuairimí maidir leis an togra tugtha go fóill ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ná ag Coiste na Réigiún.

## III. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE AGUS LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, pléadh an togra thuasluaite ag líon suntasach cruinnithe ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin. Go nuige seo, tiomnaíodh ceithre cinn déag de chruinnithe don scrúdú ar an measúnú tionchair, don scrúdú, airteagal ar airteagal, ar an togra agus don scrúdú agus an plé a rinneadh ar théacs comhréitigh ón Uachtaránacht[3].

Ina theannta sin, tugadh aghaidh ar an togra AFIR faoi chuimsiú malartú tuairimí níos leithne a rinneadh ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 12 Samhain 2021 maidir leis na trí chomhad a bhaineann le hiompar atá sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’.

Tugadh aghaidh freisin ar cheist an bhonneagair do bhreoslaí ionadúla ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil aireachta a tionóladh sa tSlóivéin i mí Mheán Fómhair 2021.

[3] 12495/21

D’ullmhaigh Uachtaránacht na Slóivéine freisin tuarascáil 13977/21, a bhfuil sé mar aidhm aici staid fhoriomlán na himeartha a léiriú agus forléargas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh, ní hamháin maidir leis an togra seo ach maidir leis an bpacáiste ‘Oiriúnach do 55’ ina iomláine. Dírítear sa tuarascáil ar na gnéithe cothrománacha, amhail na hidirnaisc idir tograí, agus na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas sa phlé go dtí seo. Dáileadh an tuarascáil sin mar dhoiciméad cúlra ar fhoirmíochtaí uile na Comhairle atá freagrach as tograí éagsúla an phacáiste.

## IV. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA POLAITIÚLA AGUS AN DUL CHUN CINN

Léiríodh leis an bplé go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann do chuspóirí agus do phríomhchur chuige an togra. Tá sé léirithe aige freisin, áfach, go bhfuil an togra casta i ngeall ar ghnéithe teicniúla agus ar dhearcthaí polaitiúla éagsúla. Chomh maith leis sin, toisc go mbraitheann gnéithe áirithe ar fhorbairt a dhéanfar amach anseo nach furasta i gcónaí í a thuar go hiomlán mar shampla an sainmhíniú ar nóid uirbeacha san athbhreithniú a bhfuiltear ag súil leis ar rialachán TEN-T. Dá bhrí sin, tá tuilleadh ama ag teastáil chun scrúdú ceart a dhéanamh air.

Tá sé léirithe ag an scrúdú ar an togra go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le húsáideoirí a bheith cinnte faoi thoilleadh agus infhaighteacht bonneagair leordhóthanaigh le haghaidh breoslaí ionadúla sula gcinnfidh siad feithiclí nó soithí breosla ionadúil a cheannach agus a úsáid. Ní mór dlús a chur le himscaradh an bhonneagair (ath)luchtaithe nó (ath)bhreoslaithe chun an luas a mheastar a bheidh ag díolacháin na bhfeithiclí agus na soithí sin a leanúint agus mura ndéanfar amhlaidh ní bheidh na feithiclí agus na soithí sin indíolta agus cuirfear moill ar a nglacadh. Tá sé chomh tábhachtach céanna roghanna malartacha glana a chur ar fáil le haghaidh soithí faoi thiomáint breosla iontaise agus atá i mbeart i gcalafoirt agus le haghaidh aerárthaí atá á n-úsáid ar bhonn tráchtála agus atá ina stad ag geataí nó ag suíomhanna lasmuigh.

Tá sé léirithe ag an scrúdú freisin go dteastaíonn tuilleadh ama chun anailís iomlán a dhéanamh ar mhionsonraí an togra ar bhonn na staidéar tacaíochta uile nach bhfuil ar fáil go poiblí fós. Ina theannta sin, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun na ceanglais theicniúla a mhionchoigeartú agus chun léargas níos fearr a fháil ar fhorbairt na gcaighdeán a bheidh ann amach anseo, go háirithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar na forbairtí a bheidh ann amach anseo i margadh na bhfeithiclí iompair de bhóthar sa deighleog tromshaothair.

Pléadh féidearthachtaí éagsúla maidir le híocaíochtaí ad hoc agus fánaíocht. Meastar maidir leis an íocaíocht ad hoc, gur tábhachtach an fheidhm í agus gur cheart í a bheith ar fáil ag pointí athluchtaithe, agus go bhféadfadh sí a bheith ina comhlánú ar na híocaíochtaí conradhbhunaithe le haghaidh athluchtaithe agus athbhreoslaithe ar bhonneagar atá inrochtana go poiblí.

Tuigeann na Ballstáit a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar an bhforbairt a dhéantar, ar na teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair agus ar na teicneolaíochtaí a bheidh ann amach anseo. Beidh tábhacht ag baint leis sin freisin chun cinneadh a dhéanamh cén uair agus cén chaoi is gá an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na forbartha margaidh agus na nuálaíochtaí teicneolaíochta. Mar sin féin, beidh sé tábhachtach cothromaíocht a aimsiú idir leibhéal mionsonraithe na gcreataí beartais náisiúnta sin agus minicíocht a nuashonruithe.

## V. **CONCLÚIDÍ**

Ar bhonn na hoibre a rinneadh go dtí seo, tháinig an Uachtaránacht ar na conclúidí seo a leanas:

1. Go ginearálta, aontaíonn na Ballstáit le cuspóirí an togra.

2. Mar sin féin, tá gnéithe sonracha ann ar gá tuilleadh oibre agus machnaimh a dhéanamh ina dtaobh:

   - imthosca sonracha sna Ballstáit, a bhaineann le dlús tráchta agus le cumhdach geografach;

   - an leibhéal uaillmhéine le haghaidh gach ceann de na modhanna tráchta agus le haghaidh na ndeighleog éagsúil;

   - na ceanglais maidir le seirbhísí íocaíochta, le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú feithiclí iompair de bhóthar;

   - na creataí beartais náisiúnta agus conas an breisluach a bhaineann le tuairisciú ar na pleananna sin a áirithiú;

3. Cé go measann an Uachtaránacht gur tábhachtach an chéim é an chéad téacs comhréitigh, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh, dá bhrí sin, chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir leis an togra seo.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire ar dhul chun cinn i ndáil leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an rialachán maidir le himscaradh bonneagar breoslaí ionadúla.

**IARSCRÍBHINN II**

*Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, rinneadh grinnanailís ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin ar an togra agus ar an measúnú tionchair a ghabhann leis. Léiríodh sa phlé foriomlán gur mór an luach a leagann na Ballstáit ar an togra seo. Mar sin féin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar nádúr fíortheicniúil an togra, ar an gcastacht pholaitiúil a bhaineann le roinnt forálacha, ar na himthosca éagsúla agus na forbairtí margaidh éagsúla agus scrúdú breise a dhéanamh orthu sin.*

*I bhfianaise ceann de dhúshláin an togra seo, iarrtar ar na Ballstáit a dtuairimí a roinnt, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta don mhéid seo a leanas:*

- *An chaoi a bhfeiceann siad céimniú isteach agus glacadh margaidh na bhfeithiclí tromshaothair faoi thiomáint breoslaí ionadúla*
- *An chaoi a bhfuil sé beartaithe acu an dul chun cinn a leanúint a dhéanfar i gcur chun feidhme an bhonneagair phoiblí agus phríobháidigh le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú feithiclí bóthair tromshaothair*
- *An bhfeictear dóibh go bhfuil aon dreasachtaí nó bearta sonracha ann a d'fhéadfadh cabhrú le comhtháthú níos tapúla a éascú i ngnó laethúil na bhfeithiclí bóthair tromshaothair faoi thiomáint breoslaí ionadúla agus dá bhrí sin a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an iarracht bhreise is gá chun an sprioc idirmheánach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 a bhaint amach?*